C/2026/1625

11.3.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12338 — PHILLIPS 66 / LINDSEY REFINERY ASSETS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/1625)

1. An 2 Márta 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Phillips 66 Limited (an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Phillips 66 (na Stáit Aontaithe),

— Sócmhainní Scaglann Ola Lindsey ('Lindsey Refinery Assets', an Ríocht Aontaithe) atá faoi rialú Prax Group Holdings Limited (an Ríocht Aontaithe) agus faoi rialú deiridh Winston Sanjeev Kumar Soosaipillai agus Arani Kumar Soosaipillai.

Gheobhaidh Philips 66 Limited rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Lindsey Refinery Assets ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is fochuideachta AE ar lánúinéireacht de chuid Phillips 66 é Phillips 66 Limited, cuideachta fuinnimh ilnáisiúnta a liostaítear ar Stocmhalartán Nua-Eabhrac agus a bhfuil punann de ghnólachtaí comhtháite meánteachtacha, ceimiceán, scagtha, margaíochta agus foinsí in-athnuaite fuinnimh aici. Déanann Phillips 66 breoslaí agus táirgí a phróiseáil, a iompar, a stóráil agus a mhargú ar fud an domhain,

— Ina chuid de Lindsey Refinery Assets tá Lindsey Oil Refinery in North Killingholme, North Lincolnshire (UK) (an Ríocht Aontaithe) mar aon le sócmhainní tacaíochta stórála agus dáileacháin agus bonneagar sa Ríocht Aontaithe. Den chuid is mó, soláthraíonn Lindsey Oil Refinery táirgí scagtha intíre do chustaiméirí na Ríochta Aontaithe, ach tá lastaí teoranta go hidirnáisiúnta soláthartha aige freisin, lena n-áirítear do LEE.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12338 — PHILLIPS 66 / LINDSEY REFINERY ASSETS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË